Cinniúint na Gréige

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi rialtas nua na Gréige. An bhfuil na focail seo, a bheidh le cloisteáil sa mhír, ar eolas agat? Pléigh leis an duine in aice leat iad.

- an eite chlé, an eite dheis
- olltoghchán
- comhrialtas
- Neamhspleáigh
- polasaithe déine
- an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta
- airí gnóthaí eachtracha
- comhdháil
- fiacha
- lacáiste
- cáiníocóirí
- ciorruithe

Ceist 2 Gan féachaint ar an mír go fóill, an féidir leat féin agus an duine in aice leat an ráiteas seo a phlé le chéile?

Is mó iad na cosúlachtaí idir cás eacnamaíochta na hÉireann agus cás eacnamaíochta na Gréige.

Ceist 3 Anois, féach ar an mír den chéad uair agus tabhair achoimre ghearr don duine in aice leat, ar ábhar na míre.

Ceist 4 Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cén t-eolas a thugtar sa mhír faoi na daoine seo a leanas?

   Alexis Tsipras
   Angela Merkel
   Charlie Flanagan

2. Cad a bhí le rá ag Seán Doherty agus ag Déaglán de Bréadún sa mhír?

3. Cad a tharlóidh don Eoraip mura n-íocann muintir na Gréige a bhfiacha?

Ceist 5 Bí ag obair leis an duine in aice leat, agus freagraígí na ceisteanna seo le chéile:

(1) Cad is ***tuiseal*** ann, nó ‘case’ i mBéarla?

(2) Ceangail na samplaí ar dheis leis na tuisil chearta sa bhosca.

1. An tuiseal ainmneach	a. A Sheáin
2. An tuiseal gairmeach	b. de chuid na heite clé
3. An tuiseal tabharthach	c. an t-olltoghchán
4. An tuiseal ginideach	d. ar an mbealach

(3) Cad é an tuiseal is deacra, dar leat?

(4) An gceapann tú go bhfuil na tuisil i dteangacha eile?

(5) Tabhair sampla amháin eile de gach tuiseal anois.

Ceist 6 Féach ar an mír arís agus breac síos na comhfhocail a chloiseann tú inti. Ansin pléigh na rialacha a bhaineann le comhfhocail a chumadh leis an duine in aice leat. Bíodh na focail seo thíos mar chuid den phlé:

- séimhiú
- na *dentals*
- ceannlitreacha
- fleiscín
- inscne an fhocail

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

- an eite chlé, an eite dheis – *left-wing, right-wing*
- olltoghchán – *general election*
- comhrialtas – *coalition government*
- Neamhspleáigh – *Independents*
- polasaithe déine – *austerity policy*
- an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta – *International Monetary Fund*
- airí gnóthaí eachtracha – *foreign affairs ministers*
- comhdháil – *congress*
- fiacha – *debts*
- lacáiste – *rebate*
- cáiníocóirí – *tax payers*
- ciorruithe – *cutbacks*

Ceist 2

Plé atá i gceist leis an gceist seo.

Ceist 3

Tabhair deis do gach beirt plé a dhéanamh ar an méid a d'éirigh leo a thabhairt leo tar éis éisteacht amháin

Ceist 4

Féach an script.

Ceist 5

(1) Is é atá i gceist le tuiseal ná an t-athrú a thagann ar **ainmfhocal,** ag brath ar na focail eile atá timpeall air.
(2) 1 – c, 2 – a, 3 – d, 4 – a.
(3) Tuairimíocht atá i gceist anseo.
(4) Tá na tuisil i dteangacha eile ar nós na Gréigise, na Rúisise agus na Fionlainnise. Bhíodh a leithéid sa Bhéarla fadó.
(5) An tuiseal ainmneach – *an cat, an bád, an duine, an áit*
An tuiseal gairmeach – *a Phóil, a Shiobhán, a Thómais*
An tuiseal tabharthach – *ar an mbord, faoin gcomhrá, ag an áit*
An tuiseal ginideach – *dath an bhoird, ar fud na háite, dathanna na mbád*

Ceist 6

- Nuair a chuirtear dhá fhocal le chéile chun comhfhocal a chumadh, cuirtear **séimhiú** ar an dara focal – *sráidbhaile*.

- Má chríochnaíonn an chéad fhocal, agus má thosaíonn an dara focal den chomhfhocal le ***d, t, l, s* nó *n,*** ní shéimhítear an dara focal – *seanduine.*

- Bíonn **fleiscín** idir an dá fhocal (i) nuair a bhíonn níos mó ná dhá fhocal i gceist – *idir-iarnródaíocht,* (ii) má chríochnaíonn an chéad fhocal agus má thosaíonn an dara focal leis na litreacha céanna – *clo**ch**-**ch**ill*, nó (iii) má thosaíonn an dara focal ar **cheannlitir** – *Príomh-**A**ire*.

- Braitheann **inscne an chomhfhocail** ar an dara focal – *irisleabhar (fir)* agus *seanmháthair (bain).*

Eimear Ní Chonaola
Níl sé ach ceithre huaire is fiche ó bhuaigh Syriza, páirtí de chuid na heite clé, an t-olltoghchán sa nGréig[1]. Agus is é a gceannaire Alexis Tsipras anois, Príomh-Aire nua na Gréige. Comhrialtas le Neamhspleáigh de chuid na heite deise a bheidh ag rialú. Tá an dá pháirtí sa gcomhrialtas[2] ag cur in aghaidh polasaithe déine a d'éiligh an tAontas Eorpach agus an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta nuair a tugadh airgead tarrthála don tír.

Máire Treasa Ní Cheallaigh
Níl aon chaint ar aon ábhar eile san Eoraip inniu ach Syriza. Rinne airí airgeadais thíortha an Euro plé ar an mbealach a bhféadfadh rialtas nua na Gréige tabhairt faoi rudaí. Tá sé ráite ag Seansailéir na Gearmáine, Angela Merkel, go raibh súil aici go leanfadh an Ghréig leis an gclár buiséid atá leagtha amach dóibh. Tá mórán an méid céanna ráite ag airí airgeadais agus gnóthaí eachtracha eile san Eoraip ó shin, ina measc, Charlie Flanagan na tíre seo. Ar ndóigh tá páirtithe na heite clé sásta leis an méid atá tarlaithe.

Seán Doherty, Sinn Féin
Sílim anois an chéad rud a chaithfidh an rialtas seo a dhéanamh sa tír seo ná tacaíocht a thabhairt daofa[3], don mholadh atá déanta ag Syriza ó thaobh comhdháil a bheith ann, ó na fiacha, ag an tír seo agus tíortha eile na hEorpa.

Déaglán de Bréadún. Eagraí Polaitíochta, *The Irish Sun*
Tá siad ag caint faoi chomhdháil a reáchtáil ar nós comhdháil a bhí ann tar éis an Dara Cogadh Domhanda, nuair a deineadh[4] laghdú mór ar na fiacha a bhí ar an nGearmáin ag an am. Agus, tá siad … tá na Gréagaigh ag rá anois, bhuel leis na Gearmánaigh, bhuel fuair sibhse laghdú agus lacáiste i 1953, cad ina thaobh nach féidir linne an lacáiste céanna a fháil anois? Má fhaigheann an Ghréig, cineál *goodies* ar bith, beidh Sinn Féin agus a leithéidí ag éileamh gur chóir na rudaí céanna (a thabhairt) dúinne.

Máire Treasa Ní Cheallaigh
Thit luach an euro in aghaidh an dollair ar maidin inniu go dtí an leibhéal is ísle le haon bhliain déag. Mura n-íocann siad a gcuid fiacha caillfidh cáiníocóirí na hEorpa, pobal na hÉireann ina measc, ar a laghad 350 milliún euro. Faoi rialacha pacáiste tarrthála na Gréige, tá siad in ainm is tuilleadh ciorruithe a dhéanamh i lár na míosa seo chugainn, ach níl an chinnteacht anois ann go leanfaidh Syriza leis sin.

Máire Treasa NÍ Cheallaigh, Nuacht TG4.

[1] *sa nGréig* atá i gcanúint Chonnacht, *sa Ghréig* atá sa Chaighdeán Oifigiúil
[2] *sa gcomhrialtas* atá i gcanúint Chonnacht, *sa chomhrialtas* atá sa Chaighdeán Oifigiúil
[3] *dóibh* atá sa Chaighdeán Oifigiúil
[4] *rinneadh* atá sa Chaighdeán Oifigiúil